# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

## STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(160 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 p.m. go dtí 4.00 p.m.

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóilíónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhí na hiarmhéideanna seo a leanas ag FADA Tta ar an 1 Bealtaine 2007.

| | € |
|---|---|
| Foirgnimh | 148,000 |
| Féichiúnaí: GEARR Tta | 42,000 |

**(A)** Breac na hiarmhéideanna seo sa LEABHAR CÚNTA GINEARÁLTA, faigh iarmhéid an CHAIPITIL GHNÁTHSCAIREANNA agus breac na hiarmhéideanna seo sna Cuntais Mhórleabhair chuí. (8)

**(B)** Breac na figiúirí cuí ó Leabhar na gCeannachán agus ón Leabhar Aischur Amach thíos sna Cuntais Mhórleabhair. (7)

**LEABHAR NA gCEANNACHÁN**

| Dáta | Sonraí | Uimh. Shonraisc | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 9/5/2007 | SMYTH Tta | 97 | MLC | 12,000 | 1,620 | 13,620 |
| | | | | **MLG** | **MLG** | |

**LEABHAR AISCHUR AMACH**

| Dáta | Sonraí | Nóta Creidmheasa Uimh. | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 18/5/2007 | SMYTH Tta | 16 | MLC | 4,000 | 540 | 4,540 |
| | | | | **MLG** | **MLG** | |

**(C)** Déan na Bearta Bainc seo a leanas le haghaidh mhí na Bealtaine a thaifeadadh. Breac na figiúirí cuí sna Cuntais Mhórleabhair.
Nóta: Miondealaigh na Bearta Bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas ar cholúin an airgid:

**Taobh an Dochair (Fáltais):** Banc; Díolacháin; CBL; Féichiúnaí; Scairchaipiteal

**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí):** Banc; Ceannacháin; CBL; Pá

| | | |
|---|---|---|
| 1/5/2007 | D'infheistigh scairshealbhóir €40,000 agus lóisteáladh é seo. | Admháil Uimh. 14 |
| 6/5/2007 | Lóisteáladh Díolacháin ar Airgead Síos | €68,100 (€60,000 + CBL €8,100) |
| 12/5/2007 | D'íoc GEARR Tta a chuntas iomlán agus lóisteáladh é seo. | Admháil Uimh. 15 |
| 17/5/2007 | Ceannacháin le hathdhíol | (Seic Uimh. 26) €24,000 + CBL 13.5% |
| 30/5/2007 | D'íoc Pá | (Seic Uimh. 27) €14,000 |

(17)

**(D)** Comhardaigh na cuntais ar 31 Bealtaine 2007 agus bain amach Comhardú Trialach mar a bheadh ar an dáta sin.

(8)

**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Díolachán ar Cairde, Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Fuair Máirtín Banner, Bainisteoir na gCeannachán, HOMEFIT Tta, an Luachan seo a leanas, ar an 12 Bealtaine 2007.

# DOIRSE DO GACH ÓCÁID Tta

**LUACHAN Uimh. 456**

**Lána na Coille, Luimneach**

Teileafón: 061 345672 | Cláruimhir CBL IE 4567123L

Dáta: 8 Bealtaine 2007

Bainisteoir na gCeannachán
HOMEFIT Tta
Cill Chaoi
Co. an Chláir

A Mhic Uí Banner

Táim buíoch díot as ucht d'fhiosraithe dar dáta 2 Bealtaine 2007. Táim ag seoladh an Luachain seo a leanas chugat agus tá súil agam go mbeidh tú sásta leis.

50 Doras Seachtrach Téice @ €200 an ceann
100 Doras Inmheánach Péine @ €60 an ceann

Téarmaí: Lascaine Thrádála 20%
Tá 21% CBL ar na hearraí thuas.

Táim ag súil le d'Ordú a fháil.

Mise, le meas,
*Siobhán Ní Sheanáin*
Bainisteoir Díolacháin

**(A)** **(i)** Mínigh cén bhrí atá le gach téarma díobh seo a leanas: CBL, Lascaine Thrádála.

**(ii)** Cén nós imeachta a mholfá do DOIRSE DO GACH ÓCÁID Tta agus iad ag ullmhú agus ag próiseáil luachan?

**(iii)** Tá Máirtín Banner den tuairim gur Bainisteoir Ceannacháin éifeachtach é féin. Cad tá i gceist i gceannachán éifeachtach? (17)

Chomhlánaigh Máirtín Banner Ordú (Uimh. 100) ar 50 Doras Seachtrach Téice agus 100 Doras Inmheánach Péine. Seachadadh iad ar an 18 Bealtaine 2007.
Nuair a scrúdaigh Máirtín na doirse, fuair sé amach go raibh cúig cinn de na Doirse Seachtracha Téice scríobtha go dona. Rinne sé gearán le Siobhán Ní Sheanáin, an Bainisteoir Díolacháin, agus ghlac sí leis. Sheol sí Nóta Creidmheasa Uimh. 23 chuige ar na cúig Dhoras Sheachtracha Téice ar an 1 Meitheamh 2007.

**(B)** **(i)** Luaigh **dhá** chúis eile a bhféadfadh sé go mbeadh cúis ghearáin ag Máirtín Banner le Siobhán Ní Sheanáin.

**(ii)** Comhlánaigh an Nóta Creidmheasa bán Uimh. 23 *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

**(iii)** Taifead an Nóta Creidmheasa a eisíodh sa Leabhar Aischur Isteach atá ag DOIRSE DO GACH ÓCÁID Tta *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.* (23)

**(40 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid Thirim.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** *Ar an mbileog ar leith atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo* tá Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid Thirim i gcomhair CLÁIRSEACH Tta. Tá cuid de comhlánaithe. Tá ort an réamhaisnéis a chomhlánú le haghaidh na míonna Aibreán, Bealtaine, Meitheamh agus Iúil 2008 chomh maith le colún na nIomlán.

Ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh:

- Ceaptar go mbeidh méadú 25% ar Dhíolacháin Mhíosúla ar Airgead Tirim ag tosú i mí Iúil;
- Tá súil ag CLÁIRSEACH Tta le hiasacht €150,000 a fháil i mí Bealtaine;
- Ceaptar go mbeidh méadú 15% ar Cheannacháin Mhíosúla ar Airgead Tirim ag tosú i mí Iúil;
- Tá súil le laghdú 25% ar chostas an tsolais agus an teasa i mí Bealtaine agus i mí Iúil;
- Ceaptar go bhfanfaidh an pá mar an gcéanna, ach amháin i mí Bealtaine, mar a n-íocfar bónas breise €8,000;
- Ceannófar feithiclí mótair nua i mí Bealtaine ar €155,000;
- Íocfar díbhinn €15,000 le scairshealbhóirí i mí Iúil;
- Ceaptar go bhfanfaidh an cíos mar an gcéanna gach mí. (28)

**(B)** **(i)** Ainmnigh **dhá** mhír, gan trácht ar Dhíolacháin ar Airgead Tirim agus ar iasachtaí, ar féidir iad a iontráil sa roinn 'Fáltais' i Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid Thirim.

**(ii)** Luaigh **dhá** shlí inar féidir le gnó déileáil le heasnamh Glan Airgid Thirim i mí ar leith.

**(iii)** Mínigh difríocht amháin idir Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid Thirim agus Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim. (12)

**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair UÍ CHIONAOITH Tta ar an 30 Aibreán 2007.
Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 450,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| **COMHARDÚ TRIALACH UÍ CHIONAOITH Tta ar an 30 Aibreán 2007** | **Dr €** | **Sr €** |
|---|---|---|
| Ceannacháin agus Díolacháin | 110,000 | 300,000 |
| Aischuir Isteach | 15,000 | |
| Stoc Tosaigh 1/5/2006 | 8,000 | |
| Carraeireacht Isteach | 4,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 18,000 | 32,000 |
| Fógraíocht | 6,000 | |
| Cíos Infhaighte | | 15,000 |
| Rótharraingt Bhainc | | 10,000 |
| Pá | 30,000 | |
| Foirgnimh | 465,000 | |
| Feithiclí Mótair | 84,000 | |
| Drochfhiacha | 2,000 | |
| Innealra | 120,000 | |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 55,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe: 380,000 Gnáthscair ar €1 an ceann | | 380,000 |
| Iasacht 20 Bliain | | 70,000 |
| | 862,000 | 862,000 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** an chomhlachta a ullmhú le haghaidh na bliana dar chríoch 30 Aibreán 2007 maille le **Clár Comhardaithe** mar a bheadh ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit mar a bheadh ar an 30 Aibreán 2007.

(i) Stoc Deiridh €17,000

(ii) Fógraíocht dlite € 5,000

(iii) Cíos Infhaighte dlite € 4,000

(iv) Díbhinní fógartha 14%

(v) Dímheas: Feithiclí Mótair 20%; Innealra 12%. (35)

**(B)** Mínigh an téarma 'dímheas'. (5)

**(40 marc)**

**5.** **Ceist í seo a bhaineann le Margaíocht agus Plean Gnó.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Tá PSM Tta, déantóir éadaí, ag smaoineamh ar raon nua de húdaí le haghaidh déagóirí a thabhairt isteach. Tá sé ar intinn acu taighde margaidh a dhéanamh chun an t-eolas seo a leanas a fháil: dath(anna) le húsáid; an praghas a iarrfar orthu; asraonta miondíoltóirí a dhíolfaidh iad.
Bainfidh siad úsáid as ceistneoir le 200 déagóir ar fud na hÉireann.

*Ar an mbileog ar leith atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo,* leag amach **trí** cheist oiriúnacha chun an t-eolas atá ag teastáil ó PSM Tta a sholáthar dóibh.
Nóta: Tá Ceist 1 comhlánaithe cheana féin mar shampla duit. (9)

**(B)** Is iad Póilín Uí Mhurchú agus Seán Ó Murchú stiúrthóirí PSM Tta. Tá sé beartaithe ag an gcomhlacht húdaí a dhéanamh do mhargadh na hÉireann. Tá an comhlacht suite in 14 Bóthar Chlár Chlainne Mhuiris, Balla, Co. Mhaigh Eo. Is í Máire Ní Chiardha an Bainisteoir Margaíochta agus is é Fionnbarra Mac an Bhaird an Bainisteoir Táirgthe. Tá a chuntas bainc ag PSM Tta le Banc Uladh.

Tá 800,000 custaiméir dóchúil sa spriocmhargadh.
Is iad an dá phríomhiomaitheoir i margadh na hÉireann ná CLÚDACH Tta agus CLÓICÍN Tta.

Sholáthair PSM Tta na sonraí seo a leanas le haghaidh na bliana dar críoch 31/7/2008:

- Ceaptar go gcosnóidh sé €4,000,000 chun na húdaí a dhéanamh;
- Ceaptar go ndíolfar 200,000 húdaí in 2007/8;
- Is é an mharcáil suas ná costas a ndéanta móide 30%.

Tá €1,500,000 ag teastáil ó PSM Tta chun dul i mbun lántáirgeachta. Infheisteoidh Póilín agus Seán scairchaipiteal €500,000. Tá súil ag PSM Tta le deontas €450,000 a fháil agus gheobhaidh siad an fuílleach mar iasacht ón mbanc.

**(i)** Ríomh an praghas díola ar gach húda agus scríobh do fhreagra *sa roinn chuí den Phlean Gnó atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

**(ii)** Ainmnigh **trí** mhodh oiriúnacha chun húdaí a chur ar aghaidh i margadh na hÉireann agus scríobh na modhanna sin *sa roinn chuí den Phlean Gnó atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

**(iii)** Comhlánaigh, go hiomlán, an chuid eile den *Phlean Gnó*. Bain úsáid as dáta an lae inniu.

(31)

**(40 marc)**

**6.** **Ceist í seo a bhaineann le Tuairisc a Scríobh agus le Measúnú Gnó.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Baineann SEÁN Tta, Bóthar Thrá Lí, Luimneach, leas as na **ceithre** chóimheas seo a leanas, chun feidhmíocht a chomhlachta a mheas:

**(i)** Ráta Láimhdeachas Stoic;
**(ii)** Ráta Díbhinne;
**(iii)** Toradh ar Chaipiteal in Úsáid;
**(iv)** Cóimheas Reatha.

Sholáthair stiúrthóirí SEÁN Tta an t-eolas seo a leanas i gcomhair na bliana 2006.

| | **€** |
|---|---:|
| Meánstoc | 17,500 |
| Brabús Glan | 60,000 |
| Costas Díolachán | 70,000 |
| Díbhinn Íoctha | 30,000 |
| Fiachais Reatha | 30,000 |
| Sócmhainní Reatha | 45,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe | 300,000 |
| Caipiteal in Úsáid | 400,000 |

Agus tú ag baint úsáide as an eolas sin, ríomh na **ceithre** chóimheas i gcomhair na bliana 2006. (16)

**(B)** Ba iad na figiúirí cuí in 2005 ná:

| | |
|---|---|
| Ráta Láimhdeachas Stoic | 3 huaire; |
| Ráta Díbhinne | 20%; |
| Toradh ar Chaipiteal in Úsáid | 15%; |
| Cóimheas Reatha | 2 : 1. |

Cuir i gcás gur tusa Micheál Ó Móráin, Comhairleoir Airgeadais, Radharc an Ghailf, Luimneach. Ullmhaigh tuairisc, dar dáta an lae inniu, le haghaidh stiúrthóirí SEÁN Tta. Déan comparáid idir feidhmíocht an chomhlachta sa bhliain 2005 agus sa bhliain 2006, agus déan trácht uirthi.

(24)

**(40 marc)**

Leathanach Bán